Údarás na Gaeltachta

Gaeltacht na hÉireann
Treoirlínte don Bhranda

Deireadh Fómhair 2018

Gaeltacht na hÉireann

Réigiún cruthaitheach bríomhar í an Ghaeltacht ó thaobh teanga, stair, cultúr, daoine agus tírdhreach de. Tá féiniúlacht orgánach ag an réigiún a luíonn go héasca le branda dá chuid féin a chruthú. De bharr ar an oiread rudaí iontacha spreagúla atá ag tarlú sa réigiún speisialta seo, tá branda faoi leith forbartha ag Údarás na Gaeltachta le húsáid chun iontais an réigiúin a chur chun cinn ar fud an domhain.

Déanann an branda scáthánú ar an nGaeltacht, ar réigiún í atá lán le saibhreas cultúrtha agus teanga, le hoideachas, le fiontraíocht, le spiorad pobail agus le háilleacht nádúrtha. Is suaitheantas físiúil agus féiniúlacht aontaithe atá i lógó 'Gaeltacht na hÉireann' a chuideoidh leo siúd atá lonnaithe sa réigiún a scéal féin a insint agus aird náisiúnta agus idirnáisiúnta a tharraingt orthu féin.

Úsáid

Tá an branda ar fáil do gach duine le húsáid; cliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta, comhlachtaí eile atá lonnaithe sa nGaeltacht, eagraíochtaí pobail, an earnáil turasóireachta, na healaíona agus earnálacha eile.

Táthar ag súil go mbainfear úsáid as an lógó ar tháirgí, seirbhísí agus ábhair bholscaireachta agus go mbeidh sé ar fáil do chomhlachtaí/eagraíochtaí atá lonnaithe sa nGaeltacht le húsáid ar a gcumarsáide bhrandáilte freisin. Beidh cead ag comhlachtaí/eagraíochtaí an lógó a úsáid ar ábhar margaíochta, ar na meáin ar líne agus na meáin chlóite, ar fhógraíocht, ar fhoirgnimh, ar phacáistíocht, ar tháirgí agus ar chultacha.

Is branda ionchuimsitheach atá ann. Más comhlacht/eagraíocht tú atá lonnaithe sa nGaeltacht, tá cead agat an branda a úsáid. (Níl cead an lógó a úsáid le tobac, substaintí mídleathacha, an earnáil gnéis ná cearrbhachais a chur chun cinn.)

Lógó

Tá baint ag gach cuid den lógó leis an scéal atá le hinsint ag 'Gaeltacht na hÉireann':

- Tarraingíodh an chlófhoireann don fhocal 'Gaeltacht' de lámh, agus mar sin is clófhoireann uathúil agus cruthaitheach atá inti ach an oiread leis an réigiún atá i gceist. Is clófhoireann nua-aoiseach atá inti chomh maith, ag teacht leis an nGaeltacht in Éirinn an lae inniu.
- Is clófhoireann níos traidisiúnta a úsáidtear do na focail 'na hÉireann', rud a chuireann oidhreacht shaibhir an réigiúin i gcuimhne.
- Seasann na trí chiorcal do na trí ghné den bhranda seo – fiontraíocht, pobal agus teanga & cultúr.

Luachanna an Bhranda

- Dúchas
- Ardchaighdeán
- Pobal
- Gaeilge
- Bród
- Cultúr

Déan ceiliúradh ar an nGaeilge

Agus úsáid á baint agat as an lógó seo, aontaíonn tú an Ghaeilge a úsáid, chomh fada agus atá praiticiúil, ar chomharthaí ag d'ionad oibre, ar aon ábhar margaíochta ar líne agus clóite, comharthaí, táirgí, pacáistiú agus nuair atáthar i mbun cumarsáide le custaiméirí.

Údarás na Gaeltachta

Treoir Ghairid maidir le hÚsáid Lógó ‘Gaeltacht na hÉireann’

Cuireadh an achoimre seo le chéile le treoir a thabhairt do chomhlachtaí agus eagraíochtaí, maidir leis an gcaoi ar chóir lógó ‘Gaeltacht na hÉireann’ a úsáid i suíomhanna éagsúla le cinntiú go leanann an Branda ag fás agus ag forbairt ar bhealach a rachaidh chun leas gach duine ach nach ndéanfaidh maolú ar an mBranda ná dochar dó.

Tá cead ag comhlachtaí/eagraíochtaí incháilithe an lógó a úsáid ar ábhair margaíochta chlóite agus ar líne, lena n-áirítear suíomhanna gréasáin agus ar na meáin shóisialta, meáin ar líne agus chlóite, comharthaí, ar fhoirgnimh, ar phacáistiú, ar tháirgí agus ar chultacha.

Níl an saothar ealaíne faofa ar fáil ach amháin ó Údarás na Gaeltachta agus is féidir é a íoslódáil ón suíomh gréasáin oifigiúil - www.udaras.ie.

Agus úsáid á baint agat as an saothar ealaíne, aontaíonn tú leis na téarmaí agus leis na coinníollacha úsáide agus aontaíonn tú cloí leis na Treoirlínte Brandála.

D’fhéadfadh go n-athródh na téarmaí, coinníollacha nó na treoirlínte am ar bith. Beidh an leagan is deireanaí le fáil ag www.udaras.ie.

Seoladh ríomhphoist teagmhála: eolas@udaras.ie

Caithfear an lógó a úsáid ina iomláine agus gan é a bhriseadh síos ina chodanna riamh.

Caithfear a bheith san áireamh sa lógó ceart iomlán:

- Na ‘Ciorcail’
- An focal ‘Gaeltacht’ – san fhormáid shainiúil chlófhoirne a chuirtear ar fáil
- Na focail ‘na hÉireann’ - san fhormáid shainiúil chlófhoirne a chuirtear ar fáil (níl na clófhoirne féin ar fáil le híoslódáil go neamhspleách)
- Comhad iomlán an lógó mar a chuirtear ar fáil é.

Tá an saothar ealaíne do ‘Gaeltacht na hÉireann’ ar fáil sna leaganacha seo a leanas:

- I bhformáidí liathscála d’úsáid ar chúlraí dubha & bána
- Ceithre dhath ar chúlra dubh
- Ceithre dhath ar chúlra bán.

Tá na formáidí ar fáil trínár bPacáiste Meán, a bhfuil na nithe seo a leanas san áireamh ann:

- Formáidí JPEG d’úsáid ar líne agus ar na meáin shóisialta
- Formáid EPS d’úsáid ar ábhar clóite.

Níl sé ceadmhach an lógó a úsáid:

- Ar mharsantacht de chineál ar bith, lena n-áirítear éadaí a bheidh le díol gan cead a fháil i scríbhinn roimh ré (is ceadmhach, áfach, é a úsáid ar chultacha oibre nach mbeidh á ndíol).
- Chun tobac, substaintí mídhleathacha, an earnáil gnéis ná cearrbhachais a chur chun cinn.

Údarás na Gaeltachta

Téarmaí agus Coinníollacha
Aontú Úsáide

Aontú Úsáide den Lógó ‘Gaeltacht na hÉireann’

Is é **Údarás na Gaeltachta** a d’fhorbair an branda ‘Gaeltacht na hÉireann’ agus tá úinéireacht acu air*. Is d’úsáid gach duine sa Ghaeltacht atá an branda. Léiríonn sé beocht, fiontraíocht, saibhreas cultúrtha agus leithleachas teanga agus cultúrtha na Réigiún Gaeltachta. Agus úsáid á baint agat as lógó ‘**Gaeltacht na hÉireann**’, tacaíonn tú lena bhfuil i gceist leis an mbranda agus aontaíonn tú leis na téarmaí agus leis na coinníollacha seo a leanas:

1. **Níl cead ach ag comhlachtaí/eagraíochtaí atá lonnaithe sa nGaeltacht lógó ‘Gaeltacht na hÉireann’ a úsáid**

2. **Déan ceiliúradh ar an nGaeilge**
   Tá freagracht faoi leith ar chliaint Údarás na Gaeltachta agus ar eagraíochtaí pobail i leith úsáid na Gaeilge de bharr nádúr a ngníomhaíochta agus/nó aontuithe atá acu leis an Údarás. I dtaca le gach comhlacht/eagraíocht eile atá lonnaithe sa nGaeltacht, trí úsáid a bhaint as an lógó aontaíonn tú, chomh fada agus atá praiticiúil, an Ghaeilge a úsáid ar chomharthaí ag do láthair oibre, ar tháirgí agus pacáistiú, ar aon ábhar margaíochta ar líne agus clóite agus nuair atáthar i mbun cumarsáide le custaiméirí.

3. Níl cead an lógó a úsáid le tobac, substaintí mídhleathacha, an earnáil gnéis ná cearrbhachais a chur chun cinn.

4. Trí úsáid a bhaint as an lógó aontaíonn tú cloí leis na treoirlínte brandála mar atá leagtha amach anseo istigh nó ag **www.udaras.ie**

Má sháraítear na téarmaí agus na coinníollacha seo, is féidir cearta maidir le húsáid an lógó seo a aistharraingt.
D’fhéadfadh go n-athródh na téarmaí, coinníollacha nó treoirlínte ag aon am. Beidh an leagan is deireanaí le fáil ag www.udaras.ie.

* Deimhnítear ceart Údarás na Gaeltachta a bheith aitheanta mar thionscnóir an lógó seo de réir an Achta um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000.

Údarás na Gaeltachta

Cén lógó a úsáid agus cén uair?

Tá trí leagan éagsúla den lógó deartha. Cuideoidh an treoir seo leat an leagan ceart a roghnú bunaithe ar chomhthéacs agus do spriocphobal.

	Gaeltacht na hÉireann	**Gaeltacht Dhátheangach**	**Gaeltacht na hÉireann** **(do spásanna níos lú)**
Cén uair le hé a úsáid?	Is é seo an príomhlógó agus an leagan le húsáid ar phointí brandáilte teagmhála go réigiúnach agus go náisiúnta. Tá lógó 'Gaeltacht na hÉireann' feiliúnach d'úsáid i gcumarsáid ar ábhair margaíochta dhigiteacha agus chlóite ag áireamh suímh idirlín agus leathanaigh meáin shóisialta, meáin ar líne agus chlóite, comharthaí, ar fhoirgnimh, ar tháirgí, ar phacáistiú agus ar chultacha.	Tá sé i gceist go n-úsáidfear an leagan dátheangach den lógó ar phointí brandáilte teagmhála a bhíonn á n-úsáid do mhargaíocht idirnáisiúnta agus do phacáistiú atá le heaspórtáil.	Is leagan saincheaptha malartach den lógó é seo le húsáid i gcúinsí eisceachtúla nuair atá an leagan tosaíochta leis an gciorcal iomlán le cur i spás beag (15mm nó níos lú), nó in éineacht le grúpa lógónna eile i líne chothrománach nuair atá gach rogha eile triáilte.
Formáidí comhaid atá ar fáil	**JPEG/EPS**	**JPEG/EPS**	**JPEG/EPS**
Leagan (tosaíochta) leis an gciorcal iomlán	**TÁ**	**TÁ**	**NÍ HEA**
Ar fáil inbhéartaithe le húsáid ar chúlra dorcha	**TÁ**	**TÁ**	**TÁ**

Clófhoireann Gaeltacht Hero (Custom Crafted)

Caities Regular
Bun-chlófhoireann don phríomh lógó

Dathanna do bhranda ‘Gaeltacht na hÉireann’

Bánghorm
C48 M15 Y0 K100
R124 G207 B217
HEX: 7ccfd9

Bánghlas
C53 M2 Y63 K0
R126 G193 B133
HEX: 7dc185

Téal
C75 M42 Y45 K12
R72 G116 B123
HEX: 47747a

Grádán Gorm-Glas
C48 M15 Y0 K100
R124 G207 B217
HEX: 7ccfd9

Bánghlas
C53 M2 Y63 K0
R126 G193 B133
HEX: 7dc185

Liath Teolaí
C75 M70 Y65 K50
R53 G52 B55
HEX: 343436

Údarás na Gaeltachta

Lógó Iomlán – 4 dhath, rogha 1

Íosleithead 15mm

Is féidir leaganacha difriúla saincheaptha den lógó a fháil ar iarratas speisialta, caith súil ar www.udaras.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

Údarás na Gaeltachta

Lógó Iomlán – 4 dhath, rogha 2

Íosleithead 15mm

Is féidir leaganacha difriúla saincheaptha den lógó a fháil ar iarratas speisialta, caith súil ar www.udaras.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

Údarás na Gaeltachta

Lógó Iomlán – 4 dhath, rogha 1 – Ar Chúlra Dorcha

Íosleithead 15mm

Is féidir leaganacha difriúla saincheaptha den lógó a fháil ar iarratas speisialta, caith súil ar www.udaras.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

Lógó Iomlán – 4 dhath, rogha 2 – Ar Chúlra Dorcha

Íosleithead 15mm

Is féidir leaganacha difriúla saincheaptha den lógó a fháil ar iarratas speisialta, caith súil ar www.udaras.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

Lógó Iomlán – rogha 1, dubh - Ar Chúlra Geal

Íosleithead 15mm

Is féidir leaganacha difriúla saincheaptha den lógó a fháil ar iarratas speisialta, caith súil ar www.udaras.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

Údarás na Gaeltachta

Lógó Iomlán – rogha 2, dubh - Ar Chúlra Geal

Íosleithead 15mm

Is féidir leaganacha difriúla saincheaptha den lógó a fháil ar iarratas speisialta, caith súil ar www.udaras.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

Údarás na Gaeltachta

Lógó Iomlán - rogha 1, bán - Ar Chúlra Dorcha

Íosleithead 15mm

Is féidir leaganacha difriúla saincheaptha den lógó a fháil ar iarratas speisialta, caith súil ar www.udaras.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

Lógó Iomlán - rogha 2, bán - Ar Chúlra Dorcha

Íosleithead 15mm

Is féidir leaganacha difriúla saincheaptha den lógó a fháil ar iarratas speisialta, caith súil ar www.udaras.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

An Deis



Forbraíodh an branda ‘Gaeltacht na hÉireann’ chun gur féidir an úsáid is fearr a bhaint as tréithe nádúrtha na Gaeltachta agus an poitéinseal is fearr a bhaint amach don réigiún ó thaobh forbairt acmhainní, cruthú fostaíochta agus infheistíocht shoghluaiste a mhealladh.

Údarás na Gaeltachta

Gaeltacht na hÉireann

Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha,
Co. na Gaillimhe,
Éire. H91 TY22

+353 (91) 503100
eolas@udaras.ie
www.udaras.ie